CINNEADH (CBES) 2020/1466 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Deireadh Fómhair 2020

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1544 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1544 ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach.

(2) Tá feidhm ag Cinneadh (CBES) 2018/1544 go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2020. Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, ba cheart síneadh a chur go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2021 leis na bearta sriantacha a leagtar amach ann agus nuashonrú a dhéanamh ar iontráil amháin atá ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 agus Airteagal 3, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2018/1544 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1544 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"Airteagal 8

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2021. Coimeádfar an Cinneadh seo faoi athbhreithniú go leanúnach. Déanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.";

(2) leasaítear an Iarscríbhinn mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 12 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([1]) Cinneadh (CBES) 2018/1544 an 15 Deireadh Fómhair 2018 a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh leathadh agus úsáid arm ceimiceach (IO L 259, 16.10.2018, lch. 25).

IARSCRÍBHINN

Cuirfear an iontráil seo a leanas in ionad iontráil Uimh. 5 i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 faoin bhfocheannteideal "A. Daoine nádúrtha" mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2018/1544:

Ainm	Faisnéis sainaitheantais	Na forais atá leis an ainmniú	Dáta na liostála
"5. Said SAID	dá ngairtear freisin: Saeed, Sa'id Sa'id, سعيد سعيد Teideal: Dochtúir, ball de Institute 3000 (dá ngairtear freisin Institute 6000) SSRC; Inscne: fireann; Dáta breithe: 11 Nollaig 1955	Pearsa shuntasach é Said Said in Institute 3000 dá ngairtear freisin Institute 6000, an rannán den Ionad Staidéir Eolaíochta agus Taighde (SSRC) atá freagrach as airm cheimiceacha na Siria a fhorbairt agus a tháirgeadh.	21.1.2019".